# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2018

# LÉANN CLASAICEACH – ARDLEIBHÉAL

**(300 marc)**

DÉ hAOINE, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go 5.00

- Tá ceisteanna ar **DHEICH dTOPAIC** ar an scrúdpháipéar seo.
- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Grúpa I | : | Na Topaicí 1 go 4. |
| Grúpa II | : | Na Topaicí 5 go 7. |
| Grúpa III | : | Na Topaicí 8 go 10. |

- Ní mór do na hiarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **CHEITHRE THOPAIC**, mar seo a leanas: Is gá topaic amháin a roghnú as *gach* ceann de na trí ghrúpa agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.
- Ní mór do na hiarrthóirí **SÉ CHEIST** a fhreagairt mar seo a leanas as na **CEITHRE** thopaic a roghnaíonn siad:

  Ní mór do na hiarrthóirí **dhá** cheist a fhreagairt as dhá cheann de na topaicí a roghnaíonn siad agus ceist **amháin** as **gach** ceann den dá thopaic eile a roghnaíonn siad.
- Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist. Tá 300 marc san iomlán ag gabháil leis an bpáipéar.
- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar na Topaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X,** a ghabhann leis an bpáipéar seo.

## GRÚPA I: Topaicí 1 go 4

### Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.

(i) (a) Cén chaoi ar áitigh Peiricléas ar na hAithnigh dul i mbun cogaíochta in aghaidh na Spartach? (35)

(b) An raibh bás Pheiricléas ina thubaiste do na hAithnigh, dar leat? Mínigh do fhreagra trí thagairt don téacs dualgais. (15)

(ii) (a) Déan cur síos ar an gcaoi ar éirigh leis na hAithnigh an ceann is fearr a fháil ar na Spartaigh in Pulas agus Sfaictéiria. (40)

(b) Cén chaoi a ndeachaigh géilleadh na Spartach ar Sfaictéiria i bhfeidhm ar chúrsa an chogaidh? (10)

(iii) In 415 R.Ch. rinne na hAithnigh díospóireacht faoi shluaíocht a sheoladh chun na Sicile.

(a) Tabhair breac-chuntas ar na príomhargóintí a rinne Alcaibiaidéas i bhfabhar na sluaíochta. (20)

(b) Cé na hargóintí a chuir Nicias chun cinn in aghaidh na sluaíochta? (20)

(c) Cén fáth ar éirigh le hargóintí Alcaibiaidéas, dar leat? (10)

(iv) Dúirt an staraí Dinísias as Halacarnasas nár chóir do Túicídidéas a cheadú go "mbainfí a aird den ghnó toisc é a bheith chomh tógtha sin leis an óráidíocht."
(Réamhrá do *Stair Chogadh na Peilipinéise* le Túicídidéas)
An dtagann tú le Dinísias faoin úsáid a bhain Túicídidéas as óráidí?
Bíodh tagairt don téacs dualgais i do fhreagra. (50)

---

### Topaic 2. Alastar Mór.

(i) (a) Déan cur síos ar an gcaoi a bhfuair Alastar agus a chuid Macadónach an ceann is fearr ar Dháirias ag Cath Iosas in 333 R.Ch. (35)

(b) Céard a d'fhoghlaim tú faoi charachtar Alastair óna iompar i ndiaidh Chath Iosas? (15)

(ii) (a) Tabhair breac-chuntas ar an ord na n-imeachtaí as ar tháinig bás Challastainéas in 327 R.Ch. (35)

(b) Cén tuairim atá agat ar iompar Alastair i leith Challastainéas? Mínigh do fhreagra. (15)

(iii) (a) Deir Airrianas faoi hAlastar, ag Léigear na Mallach, " Beart ab ea machnamh". Tabhair cuntas ar an mbaint a bhí ag Alastar le léigear na Mallach in 325 R.Ch. (30)

(b) Céard a insíonn an eachtra seo agus ar tharla ina diaidh duinn faoin gcaidreamh idir Alastar agus a chuid fear? (20)

(iv) Ba é a rinne Alastar, "ré uafais amach is amach". (P.Cartledge)
An dtagann tú leis an ráiteas seo ar an dara leath d'fheachtas Alastair?
Mínigh do fhreagra agus thagairt agat do na téacsanna dualgais. (50)

---

## Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.

(i) "File dianspadhar é Catallus." (E.A. Havelock)
Pléigh an tuairim sin de Catallus agus tagairt agat do na dánta dualgais ar do chúrsa. (50)

(ii) Cheann de na tréithe ba shuntasaí a bhain le Caesar ná a shásta a bhíodh sé dul i bpriacal. Ón léamh atá déanta agat ar na téacsanna dualgais, pleigh an tuairim sin de Iúil Caesar. (50)

(iii) "Nuair a dúradh liom go bhfuair d'iníon Tullia bás, bhí mé chomh buartha agus suaite sin, ar ndóigh, agus a mbeifí ag súil leis."
(a) Cén chaoi a bhféachann Sulpicius Rufus ina litir le sólás a thabhairt do Chicearó faoina chaillteanas? (40)
(b) An dóigh leat go gcabhródh an litir seo le Cicearó ina bhriseadh croí? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

(iv) (a) Tabhair cuntas ar Chath Pharsalus inar bhuaigh Caesar ar Phoimpéas. (35)
(b) Cén tuairim atá agat den chaoi ar chrutaigh Poimpéas mar ghinearál sa chath sin? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat don téacs. (15)

---

## Topac 4. Na Staraithe Rómhánacha.

(i) Ón léamh atá déanta agat ar na téacsanna dualgais, cén tuairim atá agat de mhórghníomhartha an Impire Ágastas? (50)

(ii) (a) Taispeánadh na tréithe ba mheasa a bhain le Tibir sna trialacha tréasa. An dtagann tú leis sin? Cosain do fhreagra agus thagairt agat do na téacsanna dualgais. (35)

(b) Ar thug Tacatas cuntas cothrom ar réimeas Thibir, dar leat? (15)

(iii) Glactar leis go coitianta, go raibh forlámhas ag a mhná céile agus ag a bhfir shaortha ar Chláidias le linn a réimis.
Pleigh an ráiteas seo agus tagairt agat don ábhar dualgais. (50)

(iv) Áiríonn formhór na staraithe a linne gurbh é Corbulo an ginearál ba mhó ina aimsir féin. Tabhair cuntas ar éachtaí Chorbulo. (50)

---

## GRÚPA II: Topaic 5 go 7

## Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.

(i) (a) Cén dearcadh atá ag Arastafainéas i leith Aescaileas sa dráma *Froganna?* (25)

(b) Sa dráma *Froganna,* cén fáth nár roghnaíodh Eoiripidéas mar an file a dtabharfaí ar ais chuig an gcathair é? (25)

(ii) "Dlithe nua iad seo go deimhin lena rialaíonn Séas go tíoránta." (An Cór)
Pléigh an tuairim gurb é Séas an bithiúnach in *Proiméitéas Faoi Chuibhreach* le hAescaileas. (50)

(iii) Pléigh an tuairim go léiríonn Éideapús tréithe uile an bhleachtaire mhóir in *Éideapús Rí* le Sofaicléas. (50)

(iv) "Ar na créatúir ar fad a bhfuil beatha agus toil acu, go siúráilte is muidne mná is ainnise."
(Méidé sa dráma *Méidé* le hEoiripidéas)

(a) Mínigh cén fáth a gceapann Méidé go bhfuil mná ar na créatúir 'is ainnise'. (30)

(b) An dóigh leat gur dráma é *Méidé* nach léiríonn aon bhá le mná?
Mínigh do fhreagra agus tagairt don téacs. (20)

---

## Topaic 6. An Eipic Ársa.

(i) "Sona amach is amach a bheinn murach gur tháinig na longa Traíocha chomh fada le mo thírse! " (Focail Dhíodó sula bhfaigheann sí bás i Leabhar 4 den *Aeinéid* le Veirgil)

(a) Cén chaoi a raibh cúrsaí le Díodó sular bhain Aeinéas agus na Traígh an Chartaig amach? (15)

(b) An dtagann tú leis an tuairim gurbh íospartach neamhchiontach í Díodó ag Aeinéas agus de na déithe? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (35)

(ii) San *Odaisé* le Hóiméar, d'athraigh Teilimiceas ó bheith ina fhear óg cuthail lagspridiúil le bheith ina thaca láidir muiníneach dá athair Odaiséas ina chath in aghaidh na Suiríoch. Rianaigh an fhorbairt seo agus mínigh an chaoi ar tharla sí. (50)

(iii) An tsúáilce´is mó a bhfuil meas uirthi san *Odáise* le Hóiméar ná an dílseacht agus gearrtar pionós trom nuair a bhíonn sí ar iarraidh.
Pléigh an dearcadh sin agus tagairt agat don téacs. (50)

(iv) Déan comparáid idir an stíl cogaidh sa *Táin* agus an stíl cogaidh san *Aeinéid* le Veirgil. (50)

---

## Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.

(i) “D’oir mionbhreathnú an dúlra go breá do bhuanna Veirgil.” (W.W. Briggs)
Pléigh an ráiteas sin agus úsáid na sleachta dualgais as Veirgil. (50)

(ii) Déan comparáid agus codarsnacht idir dhearcadh Phroipeirtias agus dearcadh Óivid i leith na mban, ón léamh atá déanta agat ar na dánta dualgais. (50)

(iii) Ceann de na tréithe a dtugaimid taitneamh dí sna haoirtha le Horáit ná a fhéith ghrinn. Pléigh an ráiteas seo agus tagairt agat do *An Leadránaí, Turas go Bruindisiam* agus *Luch an Bhaile Mhóir agus Luch na Tuaithe* mar thacaíocht le do fhreagra.
(50)

(iv) “Rinne na fir leithscéal faoina n-iompar as siocair an phaisin agus an ghrá, agairt atá ar na cinn is mó a bhogann croí mná.” (Livias *Na Mná Sabitíneacha*)

(a) Déan cur síos ar an gcaoi a bhfuair Romalas agus a chuid fear mná céile. (30)

(b) Cen thuairim ata agat faoin gcaoi ar chosain Romalas agus a chuid fear a ngníomhartha?
(20)

---

## GRÚPA III: Topaic 8 go 10

## Topaic 8. An Ealaín agus an Ailtireacht i Sochaí na Gréige.

(i) Léiríonn **Fótagraf A** ar **Pháipéar X** dealbhóireacht pheidiméideach as Korkyra.

- (a) Ainmnigh an fhíor sa lár. (5)
- (b) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an píosa sin? (5)
- (c) Cad iad na bealaí ina bhfuil an dealbhóireacht sin ina heiseamláir shamplach dá tréimhse? (30)
- (d) An dóigh leat gur réitigh an dealbhóir an fhadhb a bhaineann le léiriú éifeachtach a dheanamh ar fhíor atá ag rith sa dealbhóireacht seo? Mínigh do fhreagra. (10)

(ii) Léiríonn **Fótagraif B** agus **C** ar **Pháipéar X** amharclann Ghréagach.

- (a) Ainmnigh an amharclann. (5)
- (b) Ainmnigh na háiteanna a bhfuil marcáil ***a, b***, ***c, d*** agus ***e*** orthu. (15)
- (c) An aontófá gur dearadh an foirgneamh seo go maith don fheidim a bhí le baint as? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (30)

(iii) Déan staidéar ar an vása a léirítear i **bhFótagraf D** ar **Pháipéar X**

- (a) Cén cineál vása é seo agus cén úsáid a bhaintí as? (10)
- (b) Cén t-ionad potadóireachta as ar tháinig an vása seo? (5)
- (c) Déan cur síos ar an radharc atá le feiceáil ar an vása seo. (20)
- (d) Tabhair breac-chuntas achomair ar an teicníc a d'úsáidtí chun vásaí dubhfhíoracha a dheanamh. (15)

(iv) Déan staidéar **Fhótasgraif E** agus **F** ar **Pháipéar X** agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

- (a) Cad a thugtar ar gach dealbh den chineál seo? (10)
- (b) Cén tréimhse dealbhóireachta lena mbaineann gach ceann de na dealbha seo? (10)
- (c) Déan cur síos ar an bhforbairt sa dealbhóireacht a tharla le linn na tréimmhse idir **Fótagraif E** agus **F**.

  (30)

---

## Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.

(i) (a) Déan achoimre ar Fháthscéal an Chaptaein Mhara agus ar Fháthscéal an Ainmhí Mhóir agus Chumhachtaigh. (30)

(b) Céard a nochtann na fáthscéalta sin faoi thuairimí Phlatón ar an daonlathas? (20)

(ii) Cé gur leantóir dílis é d'fhealsúnacht Phlatón, níor chomhlíon iompar Dhíón i Sioracús an fhealsúnacht sin.
Pléigh an ráiteas sin, agus bíodh tagairt agat do *Beatha Dhíón* le Plútarc mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(iii) (a) Cén fáth a gceapann Sócraitéas go bhfuil an cogadh dosheachanta i bpobal sibhialta? (20)
(b) Dar le Sócraitéas, cén chaoi a bhféadfadh a stát idéalach an ceann is fearr a fháil ar namhaid níos mó agus níos saibhre? (20)
(c) An dtagann tú le tuairimí Shócraitéas ar an gcogaíocht?
Tabhair cúis le do fhreagra. (10)

(iv) (a) Cén ról a thug Sócraitéas don cheol ina chóras oideachais idéalach? (20)
(b) Cén chaoi ar thug Sócraitéas údar le cineálacha áirithe ceoil a dhiúltú? (15)
(c) Cén tuairim atá agat ar dhearcadh Shócraitéas faoin gceol? (15)

## Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.

(i) Léiríonn **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** plean de Trier (Augusta Treverorum) sa Ghaill Rómhánach.

(a) Ainmnigh na gnéithe a léirítear ag ***c, d, e, g*** agus ***k***. (15)

(b) Bunaithe ar an staidéar atá déanta agat, cén fhianaise atá agat a léiríonn gur chathair shaibhir thábhachtach í Trier sa ré ársa. Tig leat tagairt d'**Fhótagraf G** i do fhreagra freisin. (25)

(c) Tabhair breac-chuntas ar an Aula Palatina. (10)

(ii) Déan staidéar ar **Fhótagraf H** ar **Pháipéar X.**

(a) Cén eachtra atá á léiriú ar an bpainéal seo agus cén leacht lena mbaineann sé? (10)

(b) Déan cur síos ar a bhfuil ag tarlú sa radharc. (10)

(c) Déan trácht ar an bhfeidhm a bhaineann an dealbhóir as rilíf ard agus rilíf íseal sa phainéal. (15)

(d) Cén tuairim atá agat ar ráiteas Wheeler go bhfuil an pheirspictíocht "beagnach ceart" ag an dealbhóir? (15)

(iii) Léiríonn **Fótagraf I** ar **Pháipéar X** amharclann Rómhánach in Orange.

(a) Déan cur síos mion ar an amharclann. (30)

(b) Cén chaoi a léiríonn an amharclann seo ráiteas Wheeler, "gur chloígh an amharclann Rómhánach leis an gclaonadh Rómhánach i dtreo taobh istigh timpeallaithe"? (10)

(c) Cad iad na bealaí inar dearadh an amharclann seo go maith don fheidhm a bhí le baint aisti? (10)

(iv) Léiríonn **Fótagraf J** ar **Pháipéar X** saothar múrealaíne as Herculaneum.

(a) Cén stíl den mhúrealaín Rómhánach lena mbaineann an pictiúr seo? (5)

(b) Cad iad na gnéithe den ealaín seo ar eiseamláir thipiciúil iad den stíl seo? (20)

(c) Ón staidéar atá déanta agat ar na péintéireachtaí Rómhánacha ar do chúrsa, cad is féidir leat a rá faoi na nithe ar chuir an tsochaí Rómhánach suim iontu? (25)